Cosc ar an bhruitíneach dhearg

Eolas do mhná a bhfuil a dtoirchis a phleanáil acu nó atá i ndiaidh leanbh a shaolú

PROTECT PREVENT IMMUNISE

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

Cad is Bruitíneach Dhearg (Rubella) ann?

Galar ionfhabhtaíoch é an Bhruitíneach Dhearg a thagann ó víreas.

Conas a scaiptear an galar?

Scaiptear an bhruitíneach dhearg trí dhlúth-theagmháil le duine ionfhabhtuithe, de bharr casachtaí agus sraothanna. Tá sé thar a bheith tógálach nuair atá an duine ag fulaingt leis an ngríos ach d'fhéadfadh sé scaipeadh suas le seacht lá sula dtagann an gríos.

Cé chomh tromchúiseach is atá an bhruitíneach dhearg?

Tagann gríos, fiabhras agus borrfhaireoga pianmhara leis an bhruitíneach dhearg. Tinneas séimh go maith a mbíonn ann i bpáistí. Bíonn chorr dhuine ann a scaipeann an bhruitíneach dhearg, fiú gan aon siomptóim orthu féin.

Má tholgann bean an bhruitíneach dhearg sa luath-thoirchis:

- d'fhéadfadh breith anabaí nó marbh-bhreith a bheith mar thoradh air.
- d'fhéadfadh lochtanna breithe tromchúiseacha a bheith ar 9 as gach 10 páiste, san áireamh, bodhaire, daille, damáiste don inchinn nó damáiste don chroí. Siondróm rubella ó bhroinn (CRS) a thugtar ar seo.

An féidir siondróm rubella ó bhroinn a sheachaint?

Is í an vacsaín an t-aon bhealach chun siondróm rubella ó bhroinn a sheachaint. Níl an vacsaín i gcoinne na bruitíní dearga ar fáil ach amháin mar chuid den vacsaín MMR (Bruitíneach/Leicneach/ An Bruitíneach Dhearg) le chéile. Is féidir vacsaín an MMR a thabhairt ag aois ar bith.

Tá sé ar intinn agam éirí torrach. Cad a ba chóir dom a dhéanamh?

Má tá sé ar intinn agat éirí torrach, ba chóir duit iarraidh ar do dhochtúir teaghlaigh, tástáil a dhéanamh ar d'imdhíonacht i gcoinne na bruitíní dearga. Má léiríonn an tástáil go bhfuil tú gan imdhíonacht, ba chóir duit an vacsaín MMR a fháil roimh éirí torrach. Níor chóir duit éirí torrach go ceann míosa tar éis an vacsaín a fháil mar go bhfuil víris beo lagaithe san MMR.

Rugadh leanbh dom le déanaí. Cad a ba chóir dom a dhéanamh?

Déantar d'imdhíonacht i gcoinne na bruitíní dearga a thástáil go rialta le linn do thoirchis. Sa gcás nach bhfuil aon imdhíonacht agat, ba chóir duit an vacsaín MMR a fháil i ndiaidh na breithe. Tá sé sábháilte an vacsaín MMR a fháil, fad agus atá tú ag tabhairt cothú cíche.

Cad leis a mbeidh mé ag súil i ndiaidh an vacsaínithe?

I ndiaidh an vacsaín MMR a fháil, b'fhéidir go mbeidh pian, deargadh nó at san áit ar tugadh an t-instealladh. Coicís nó trí seachtainí i ndiaidh an vacsaínithe, d'fhéadfadh at sna h-ailt, pianta sna h-ailt, nó borrfhaireoga a bheith ort. Níl sé seo tógálach.

Ar chóir dom aon réamhchúramaí a ghlacadh i ndiaidh an vacsaínithe?

Níor chóir duit éirí torrach go ceann míosa tar éis an vacsaín a fháil mar go bhfuil víris beo lagaithe san MMR.

An bhfuil daoine ann nár chóir dóibh an vacsaín MMR a fháil?

Tá roinnt daoine ann nár chóir dóibh an vacsaín MMR a fháil.

Níor chóir duit an vacsaín MMR a fháil:

- má tá tú ag iompar clainne.
- má bhí frithghníomh dona ailléirgeach agat (anaifiolacsas) in aghaidh vacsaín MMR cheana nó in aghaidh aon chomhábhar atá inti, mar shampla, neomícin nó geilitín.
- má tá aon ghalar ort nó cóir leighis á fháil agat a chuireann isteach ar do chóras imdhíonachta.
- má fuair tú fuilaistriúchán le déanaí.

Ba chóir duit an vacsaíniú a chur ar athló má tá tú:

- tinn le fiabhras atá níos airde ná 38°C.

Má tá aon imní ort faoi seo, labhair le do dhochtúir teaghlaigh nó le altra san ospidéal mháithreachais.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar **www.immunisation.ie**

Foilsithe ag: **Oifig Imdhíonta Náisiúnta FSS**
Dáta foilsithe: *Lúnasa 2012*